

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Roinn Seirbhísí Bardasach
Trácht & Sábháilteacht ar Bhóithre




Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre 2022 – 2030



**Ag obair le chéile chun Contae níos Sábháilte,
níos Glaise agus níos Sláintiúla a chruthú**

Meán Fómhair 2022

An Turas i dtreo Fís a Náid



Clár na nÁbhar

Réamhrá

1. Réamhrá

- | | | |
|-----|---|-----------------|
| 1.1 | Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 | Leathanach
1 |
| 1.2 | Cur Chuige Córais Sábháilte | Leathanach
2 |

2. Próifíl Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

- | | | |
|-----|--|-----------------|
| 2.1 | Líonra Bóthair, Rothaíochta agus Cosáin | Leathanach
3 |
| 2.2 | Patrúin Taistil agus Feithiclí Ceadúnaithe | Leathanach
5 |
| 2.3 | Treochtaí Imbhualite agus Taisme 2015 go 2020 | Leathanach
5 |
| 2.4 | Úsáideoirí Bóthair Treochtaí Taismeacha 2015 go 2020 | Leathanach
5 |
| 2.5 | Athbhreithniú ar an bPlean um Shábháilteacht ar Bhóithre 2015-2020 | Leathanach
6 |
| 2.6 | Comparáid idir imbhuailtí le Comhairlí Bhaile Átha Cliath | Leathanach
7 |

3. Ról an Ghrúpa Oibre agus na bPríomhpháirtithe leasmhara

- | | | |
|-----|--|-----------------|
| 3.1 | Grúpa ag Gníomhú le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre | Leathanach
8 |
| 3.2 | Príomhpháirtithe leasmhara | Leathanach
8 |

4.	Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2022 – 2030	
4.1	Aidhmeanna agus Cuspóirí an Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre 2022-2030	Leathanach 11
4.2	Spriocanna an Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre	Leathanach 11
5.	Tosca Ratha Criticiúila agus Pleanáil Gníomhaíochta	
5.1	Tosca Ratha Criticiúila	Leathanach 13
5.2	Plean Gníomhaithe	Leathanach 13
5.3	Eilimintí de Chóras Sábháilte	Leathanach 14
6.	Monatóireacht agus Measúnú	Leathanach 19
7.	Achoimre	Leathanach 20

Réamhrá



Sam Waide, POF, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éire thar shaolré na straitéisí sábháilteachta ar bhóithre roimhe seo. Ó seoladh an chéad Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre riamh i 1998, tá laghdú beagnach 70% tagtha ar bhásanna ar na bóithre. Níorbh fhéidir aon dul chun cinn a dhéanamh gan ár bpríomhpháirtithe leasmhara a bheith ag obair le chéile ar bhealach comhordaithe, straitéiseach.

Glacfaidh sé seo, an cúigiú Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuid na hÉireann, cur chuige bunathraithe agus comhpháirtíocht-bhunaithe maidir le sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn chun laghdú 50% ar bhásanna agus gortuithe tromchúiseacha a bhaint amach roimh 2030. Ceist uile-rialtais í an tsábháilteacht ar bhóithre agus tá freagairt uile-rialtais de dhíth uirthi. Chonaiceamar an chaoi ar achtaigh rialtais thar na blianta bearta a rinne ár mbóithre níos sábháilte, ó chaitheamh éigeantach criosanna sábhála, ísliú na dteorainneacha maidir le tiomáint faoi thionchar an óil, tabhairt isteach pionóis an iompraíocht chontúirteach, bonneagar níos sábháilte agus forfheidhmiú spriocdhírthe. Tá na bearta seo tar éis beatha a shábháil.

Tá an Clár Rialtais 2020 tiomanta do 'Fís a Náid' a bhaint amach - m.sh. gan aon bhás nó gortuithe tromchúiseacha ar na bóithre - rud a bhainfimid amach roimh 2050. Ní mór an gealltanas seo a mheaitseáil le gníomhaíocht, le maoiniú a chumasú, le cuntasacht agus le dea-rialachas. Go criticiúil, teastaíonn níos mó comhpháirtíochta agus comhoibríthe uainn chun sprioc uaimhianach Fís a Náid a bhaint amach. Ní mana amháin é Fís a Náid maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Is tiomantas dáiríre é deireadh a chur le gach bás agus gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre. Déanfar Fís a Náid a sheachadadh tríd an gcur chuige Córas Sábháilte a neadú isteach inár mbeartas agus cleachtas náisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre.

Aithnítear le cur chuige an Chórais Shábháilte, cé gur féidir le hoideachas agus oiliúint um shábháilteacht ar bhóithre líon na n-imbhuailtí ar bhóithre a laghdú, nach féidir deireadh a chur le hearráid dhaonna. Tá sé mar aidhm aige an dóchúlacht go dtarlóidh imbhuailteacht a laghdú agus, má tharlaíonn a leithéid, a chinntiú nach mairítear na húsáideoirí bóithre atá i gceist nó nach bhfuil siad gortaithe go dona. Na seacht réimse idirghabhála dár gcur chuige Córas Sábháilte ná:

1. Bóithre agus Taobhanna na mBóithre sábháilte
2. Luasanna Sábháilte
3. Feithiclí Sábháilte
4. Úsáid Shábháilte ar Bhóithre
5. Freagra Iarthuairte
6. Modhanna Taistil atá sábháilte agus sláintiúil
7. Úsáid Shábháilte ar Bhóithre a bhaineann le hObair

Tiomáinfidh na réimsí idirghabhála seo scóip ár gcuid oibre, agus áireofar le gach plean gníomhaíochta gníomhartha faoi gach ceann de na ceannteidil seo. Trí na seacht réimse tosaíochta idirghabhála seo den chur chuige Córas Sábháilte a chur i bhfeidhm, tá dea-chleachtais idirnáisiúnta á seachadadh againn. Tá ról lárnach ag an bpobal maidir lenár spriocanna a bhaint amach.

Chun básanna nó gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a chosc, ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag dul i ngleic le sábháilteacht ar bhóithre ar bhealach straitéiseach agus comhchoiteann. Beidh sé dúshlánach, ach is féidir é a bhaint amach le hinfheistíocht agus tacaíocht ó na leibhéil is airde ceannaireachta, go leibhéal an phobail áitiúil.

Is féidir básanna ar bhóithre agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú 50% sna deich mbliana atá romhainn a bhaint amach. Is féidir Fís a Náid roimh 2050 a bhaint amach. Is féidir linn é a dhéanamh. I bhfianaise ár n-aistear sábháilteachta bóithre go dtí seo, níl aon sprioc ró-uaimhianach dúinn. Ba chóir gurb é tús na sprice ná a aithint nár cheart go mbeadh básanna nó gortuithe tromchúiseacha ar na bóithre mar an praghas atá le híoc ar ár soghluaiseachta.



An Cathaoirleach. Cllr Mary Hanafin

Is úsáideoirí bóithre muid go léir. Mar choisithe, rothaithe, úsáideoirí iompair phoiblí, paisnéirí nó tiománaithe, bíonn tionchar ag ceisteanna sábháilteachta ar bhóithre orainn go léir. Is féidir le himbhualtí ar ár mbóithre tionchar tubaisteach a bheith acu ar shaol daoine aonair, cairde, teaghlach agus pobail.

Tá an Contae ag fás go tapa agus tá an daonra ag méadú agus ba mhaith linn áit a chruthú ina mbeidh deis ag daoine bogadh go sábháilte timpeall an Chontae. Cé go bhfuil go leor déanta sa Chontae chun na bóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach úsáideoir bóithre chun líon na n-imbhualtí a laghdú, tá go leor eile le déanamh. Tá forbairt bóithre níos sábháilte, mar chuid dár bhfís níos leithne chun an gréasán iompair a fheabhsú, an-tábhachtach chun rochtain chuimsitheach ar oideachas, oiliúint, poist agus príomhsheirbhísí eile a fheabhsú. Tá feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre riachtanach lena chinntiú go bhfeicimid an méadú ar siúl agus rothaíocht atá riachtanach chun contae níos sábháilte, níos glaise agus níos sláintiúla a chruthú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuir a dtuairimí in iúl dúinn le linn an chomhairliúcháin phoiblí ar an bplean seo um shábháilteacht ar bhóithre. Bhí do thuairimí agus an tacaíocht ó go leor gníomhaireachtaí, lena n-áirítear an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána, fíor-luachmhar agus an doiciméad tábhachtach seo á fhorbairt.

Tá ról ag raon eagraíochtaí chun a chinntiú go mothaíonn gach duine sábháilte ag taisteal inár gContae. Nuair a bhíonn achmhainní agus buiséid teoranta, cinnteoidh comhpháirtíocht agus tosaíocht eolasach go bhfuil an tionchar is mó gur féidir linn a bheith againn. Ní bhaineann Sábháilteacht ar Bhóithre leis an gcaoi a ndeartar ár mbóithre amháin, baineann sí leis an gcaoi a n-úsáidimid iad agus is féidir linn uile tionchar a imirt trí thaisteal go freagrach agus go sábháilte.

Go dté tú slán.

1. Réamhrá

Tá soghluaiseacht shábháilte lárnach do cháilíocht beatha gach duine a chónaíonn agus a oibríonn i gComhairle Contae Dhún Laoighaire - Ráth an Dúin. Leagann an plean 8 mbliana seo amach ár bhfís do shábháilteacht ar bhóithre agus na beartais agus na gníomhaíochtaí a dtéann an Chomhairle ina mbun chun an sprioc seo a bhaint amach. Ag leanúint leis an obair ar Phlean Sábháilteachta ar Bhóithre Chomhairle Contae Dhún Laoighaire-Ráth an Dúin 2015-2020, déanfar an Plean nua seo um Shábháilteacht ar Bhóithre 2022 go 2030 a sheachadadh le fócas níos airde ar sholáthar bonneagair níos fearr, iompar úsáideoirí bóithre feabhsaithe, agus forfheidhmiú níos fearr.

Ba cheart go mbeadh saoránaigh Dhún Laoighaire Ráth an Dúin in ann a saol laethúil a chaitheamh gan iad a chur faoi bhaol míchuí gortaithe ó thrácht. Tá cur chuige 'córtais shábháilte' maidir le sábháilteacht ar bhóithre bunaithe ar an bprionsabal nár cheart beatha agus sláinte a chur i gcontúirt chun freastal ar éilimh na soghluaisteachta. Ba cheart go mbeadh Comhairle Chontae Dhún Laoighaire - Ráth an Dúin ina Contae ina bhfuil sé sábháilte do gach duine siúl agus rothaíocht agus taisteal chuig a gceann scríbe go sábháilte.

1.1 Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030

Tá sé mar aidhm ag an gcúigiú Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 na hÉireann, a seoladh i mí na Nollag 2021, cur leis an dul chun cinn agus an tuiscint a sholáthair na chéad ceithre straitéis, agus í mar chuspóir feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre na hÉireann.

Is é príomhaidhm straitéis nua an rialtais um shábháilteacht ar bhóithre ná líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar bhóithre na hÉireann a laghdú 50% roimh 2030. Ciallaíonn sé seo básanna ar bhóithre na hÉireann a laghdú go bliantúil ó 144 go 72 nó níos ísle agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú ó 1,259 go 630 nó níos ísle roimh 2030. Tá Fís a Náid, sprioc fhadtéarmach na hÉireann maidir le básanna ar bhóithre nó gortú tromchúiseach ar bith a bhaint amach roimh 2050 mar threoir ag an straitéis seo. Forbraíodh an straitéis trí theagmháil fhairsing leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Fuarthas breis is 2,000 aighneacht ón bpobal mar chuid den chomhairliúcháin poiblí náisiúnta agus chabhraigh ionchur an phobail ar thodhchaí na sábháilteachta ar bhóithre le forbairt na straitéise náisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre a threorú.

Déanfar an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 a sheachadadh i dtrí chéim mar seo a leanas:

- Plean Gníomhaíochta Céim 1: 2021-2024,
- Plean Gníomhaíochta Céim 2: 2025-2027 agus
- Plean Gníomhaíochta Céim 3: 2028-2030.

Maireann Céim 1 ó 2021 go 2024 agus infheistíocht réamh-mheasta €3.8bn mar thacaíocht di agus áirítear 50 léi gníomh ardtionchair agus 136 gníomh tacaíochta. Is iad na húdaráis áitiúla an phríomhghníomhaire nó an ghníomhaireacht tacaíochta do roinnt de na gníomhartha seo.

1.2 Cur Chuige Córais Sábháilte

Tá Straitéis náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre á stiúradh ag cur chuige Córais Sábháilte, agus ceaptar go bhfuil sé ar an gcleachtas is fearr ar fud an domhain maidir le seachadadh straitéisí um shábháilteacht ar bhóithre. Glacann fealsúnacht an Chórais Sábháilte peirspictíocht níos leithne maidir le timpistí bóthair, ag aithint go bhfuil daoine inbhraite, nach mór a n-earráidí a réamh-mheas agus riosca iarmhairtí tromchúiseacha ó na hearráidí sin a íoslaghdú.

Dá bhrí sin ní ar úsáideoirí bóithre amháin a leagtar an fhreagracht as líon na mbásanna agus na gortuithe tromchúiseacha a laghdú ach roinntear é le gach duine a bhfuil baint acu le sábháilteacht ar bhóithre m.sh. táirgeoirí feithiclí agus iad siúd a bhfuil bonneagair á bhforbairt acu. Is é bonn tuisceana nach bhfuil sé inghlactha praghas a íoc le básanna ar son na soghluaisteachta atá de dhíth ar an tsochaí. Tá cur chuige na gCórais Sábháilte maidir le sábháilteacht ar bhóithre bunaithe ar roinnt príomhphrionsabal:

- **Iompar Daonna** – is cuma cé chomh maith agus atá an oiliúint agus an t-oideachas atá orainn maidir le húsáid fhreagrach bóithre, déanann daoine botúin agus ní mór don chóras iompair bóthair freastal orthu seo;
- **Laige an Duine**– tá cumas teoranta an chorp daonna chun fóras fisiciúil a sheasamh sular féidir bheith ag súil le gortú tromchúiseach nó bás mar ghné lárnach de dhearadh an chórais.
- **Córais Mhaiteacha** – ní mór do na bóithre a mbímid ag taisteal orthu, na feithiclí a mbímid ag taisteal iontu, na luasanna a mbímid ag taisteal acu agus deacraí úsáideoirí bóithre i leith a chéile, níos mo leithscéalta a dehéanamh don earráid dhaonna.

Aithníodh réimsí tosaíochta córais a bheith mar phointí fócasacha le linn thréimhse na straitéise, mar seo a leanas:

- Bóithre & Taobhanna na mBóithre Sábháilte
- Luasanna Sábháilte
- Úsáid Shábháilte ar Bhóithre
- Modhanna Taistil atá sábháilte agus sláintiúil
- Feithiclí Sábháilte
- Freagra Iarthuirte
- Úsáid Shábháilte ar Bhóithre a bhaineann le hObair

2. Próifíl Dhún Laoighaire-Ráth an Dúin

Tá Contae Dhún Laoighaire-Ráth an Dúin suite ar chósta thoir na hÉireann idir bruachbhailte seachtracha Chathair Bhaile Átha Cliath agus Sléibhte Bhaile Átha Claith/ Chill Mhantáin agus airítear leis sé na ceantair bhruachbhailteacha Dhún Droma, Ghleann Cuilin, Stigh Lorgan, na Carraig Duibhe, Dhún Laoighaire agus Bhaile Breac. De réir dhaonáireamh na bliana 2016 ba é 218,018 daonra an Chontae, méadú 6% ar dhaonáireamh na bliana 2011 (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011 & 2016).

2.1 Líonra Bóthair, Rothaíochta agus Cosáin

Tá uasghrádú suntasach déanta ar ghréasán bóthair an Chontae le 10 mbliana anuas le háiseanna feabhsaithe curtha ar fáil do choisithe, rothaithe agus dóibh siúd a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe orthu. Coinníonn Comhairle Contae Dhún Laoighaire-Ráth an Dúin gréasán bóithre timpeall 877km sa Chontae, roinnte mar seo a leanas:

- Bóithre Eastát Áitiúil agus Cónaithe - 647km
- Bóithre Réigiúnacha - 113km
- Bóithre Náisiúnta - 34km
- Mótarbhealach - 33km

Déanann an Chomhairle cothabháil freisin ar thart ar 250km de chineálacha éagsúla rotharbhealaigh agus 1,400km de chosáin timpeall an Chontae. Tá clár suntasach oibreanna ann chun áiseanna coisithe agus rothaíochta a fheabhsú ar fud an Chontae agus tá na hoibreacha seo maoinithe go príomha ag an Údarás Náisiúnta Iompair.

Déanann Bonneagar Iompair Éireann (TII) bainistiú agus maoiniú ar ghréasán bóithre an M50 agus an M11 sa Chontae agus tugann Lamháltas PPP an M50 (baineann leis an gcuid is mó den M50) nó Conraitheoir Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaigh (MMARC) faoin gcothabháil.


2.2 Patrúin Taistil agus Feithiclí Ceadúnaithe

Soláthraíonn Daonáireamh 2016 na Príomh-Oifige Staidrimh eolas faoi shonraí taistil náisiúnta agus léiríonn Tábla 2.1 eolas ar shonraí taistil an Chontae maidir le taisteal chun oibre, scoile nó coláiste. Gan 'neamhráite' a áireamh léiríonn anailís ar na sonraí i bhFíor 2.1 gur i gcarr a dhéantar 36% de thurais Chomhairle Contae Dhún Laoighaire-Ráth an Dúin, 59% de réir modh taistil inbhuanaithe (lena n-áirítear paisinéirí gluaisteáin).

Tábla 2.1. Daonáireamh 2016: Daonra 5 bliana d'aois agus níos sine trí thaisteal chun oibre nó chun coláiste (an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016)

	Iomlán (Obair agus Oideachas)	Céatadán gan ní luaitear san áireamh
Modhanna Taistil		
De shiúl na gcos	19,212	13.7%
Rothar	9,017	6.4%
Bus, Mionbhus, Cóiste	15,257	10.9%
Dart Traein, Luas	18,932	13.4%
Gluaisrothar nó Scútar	855	0.6%
Tiománaí Cairr	49,933	35.6%
Paisinéir Gluaisteáin	20,662	14.7%
Veain, Leoraí, eile	2,476	1.8%
Obair go cianda go príomha	4,009	2.9%
Níl sonraí luaite	4,110	
Iomlán	144,463	100%

Leanann líon na bhfeithiclí ceadúnaithe atá cláraithe in Éirinn ag fás in Éirinn gach bliain, mar a léirítear i bhFíor 2.1. Ba é 47,054 líon iomlán na bhFeithiclí Leictreacha (Feithiclí cláraithe a bhí ar an mbóthar (Deireadh Fómhair 2020), méadú 82% ar 2020. Tugann na comharhaí luatha le fios go bhfuil díolacháin EVanna nua i 2022 i bhfad níos airde ná mar a bhí i 2021 (www.simi.ie).



Figiúr 2.1. Líon na bhfeithiclí faoi cheadúnas 1989 go 2020 (Treochtaí Iompair 2021, An Roinn Iompair)

2.3 Treochtaí Imbhualite agus Taisme 2015 go 2020

Tugann táblaí 2.2 agus 2.3 achoimre ar na treorchaí maidir le líon na n-imbhuailtí agus na dtaismeach a tuairiscíodh i gContae Dhún Laoighaire-Ráth an Dúin thar an tréimhse 2015 go 2020. Fuarthas na sonraí seo ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Tuarascálacha Fíricí Imbhualite 2015 go 2019). Tiomsaíonn An Garda Síochána sonraí imbhualite ag láthair imbhualite agus cuirtear ar aghaidh chuig an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre iad. Le linn imbhualite, d'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná taismeach amháin ann. Mar shampla, le linn imbhualadh coisithe, d'fhéadfadh gortú a bheith ann do thiománaí an chairr agus don choisí araon (m.sh., beirt taismeach in aon imbhualadh amháin bóthair).

Tábla 2.2 Treochtaí Imbhualtí i gComhairle Chontae Dhún Laoighaire - Ráth an Dúin 2015 go 2020						
Bliain	2015	2016	2017	2018	2019	2020
Marfach	3	3	6	1	1	2
Tromchúiseach	30	29	34	49	37	45
Mionthaisme	141	158	172	167	93	Níl ar fáil
Iomlán	174	190	212	217	131	

Tábla 2.3 Treochtaí Taismeacha i gComhairle Chontae Dhún Laoighaire - Ráth an Dúin 2015 go 2020						
Bliain	2015	2016	2017	2018	2019	2020
Marfach	3	3	6	1	1	2
Tromchúiseach	31	30	39	51	37	47
Mionthaisme	180	194	194	212	127	172
Iomlán	214	227	239	264	165	291

Bhí sé mar aidhm ag an sprioc imbhualtí laghdaithe a leagadh síos roimhe seo sa Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre 2015 go 2020 líon na n-imbhuailtí marfacha a choinneáil faoi 6 agus líon na n-imbhuailtí tromchúiseacha faoi 16. Léiríonn Tábla 2.2 agus 2.3 nár baineadh amach an sprioc maidir le líon imbhualtí tromchúiseacha agus go bhfuil líon na

dtaismeach fós ard sa Chontae. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach eol an leibhéal tuairiscithe imbhuailtí agus is féidir leis a bheith deacair treochoaí imbhuailtí gortaithe a chur i gcomparáid lena chéile bliain i ndiadh bliana. D'fhéadfadh sé seo a thabhairt le fios go bhféadfadh fíor-leibhéal na n-imbhuailtí a bheith níos airde fós sa Chontae, rud a d'fhágfadh fulaingt daonna an-suntasach ag go leor leibhéil do go leor teaghlach agus ar chostas ard don tsochaí freisin.

2.4 Úsáideoirí Bóthair Treochtaí Taismeacha 2015 go 2020

Léirítear i dTáblaí 2.4 agus Tábla 2.5 na treochoaí marfacha agus gortuithe taismeacha foriomlána d'úsáideoirí bóthair éagsúla Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin thar an tréimhse 2015 go 2020.

Tábla 2.4 Taismigh Marfacha i gComhairle Chontae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin 2015 go 2020						
Taismigh	2015	2016	2017	2018	2019	2020
Coisithe	0	1	4	1	1	1
Úsáideoirí rothair	0	0	0	0	0	0
Úsáideoirí Gluaisrothair	1	1	0	0	0	0
Úsáideoirí Gluaisteáin	2	1	2	0	0	1
Úsáideoirí Feithicil PSV	0	0	0	0	0	0
Feithicil Earraí. Úsáideoirí	0	0	0	0	0	0
Eile/Anaithnid	0	0	0	0	0	0
Iomlán	3	3	6	1	1	2

Tábla 2.5 Taismigh Díobhála i gComhairle Chontae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin 2015 go 2019						
Taismigh	2015	2016	2017	2018	2019	meán
Coisithe	19	36	51	43	26	35
Úsáideoirí rothair	58	66	63	62	41	58
Úsáideoirí Gluaisrothair	17	18	26	19	15	19
Úsáideoirí Gluaisteáin	107	98	89	128	64	97
Úsáideoirí Feithicil PSV	0	0	0	2	1	1
Feithicil Earraí. Úsáideoirí	7	5	0	1	9	4
Eile/Anaithnid	3	1	4	7	8	5

Iomlán	211	224	233	262	164	219
--------	-----	-----	-----	-----	-----	-----

Ó tháblaí 2.4 go 2.5, feicimid go mbaineann níos mó ná leath de na himbhualtí le húsáideoirí soghonta bóthair (coisithe, rothaithe agus gluaisrothaithe). Méadaíonn sé seo 78% d'imbhualtí marfacha agus tromchúiseacha a bhaineann le húsáideoirí soghonta bóithre, mar a léirítear i dTábla 2.6 leis na sonraí imbhualtí a fuarthas ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Díreofar go leanúnach ar imbhualtí a bhaineann le húsáideoirí soghonta bóthair a laghdú sa phlean nua um shábháilteacht ar bhóithre. Bhí áiseanna siúil agus rothaíochta níos fearr ar an bpríomhthéama a d'eascair as an gcomhairliúchán poiblí ar an bplan um shábháilteacht ar bhóithre.

Tábla 2.6 Taismigh Marfacha agus Tromchúiseacha i gComhairle Chontae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin 2017 go 2020 (Foinse: an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre)				
Taismigh	2017	2018	2019	2020
Coisithe	19	14	12	12
Úsáideoirí rothair	10	20	12	24
Úsáideoirí Gluaisrothair	7	4	6	4
Úsáideoirí Feithicle lena n-áirítear paisinéirí	9	14	8	8
Iomlán	45	52	38	48

2.5 Athbhreithniú ar an bPlan um Shábháilteacht ar Bhóithre 2015 go 2020

Ghlac Comhairle Contae Dhún Laoighaire-Ráth an Dúin le Plan um Shábháilteacht ar Bhóithre don Chontae i 2015. Chuir an plan 5 bliana, thar an tréimhse 2015 go 2020, fócas ar fáil ar laghdú ar imbhualtí bóthair faoi na ceannteidil Oideachas, Forfheidhmiú, Innealtóireacht agus Spreagadh. Dearadh é chun cur chuige comhordaithe, comhoibríoch agus comhsheasmhach a chinntiú maidir le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú do gach úsáideoir bóthair. Mar chuid den phlean, bunaíodh Grúpa Oibre ag Gníomhú le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre chun maoirseacht agus stiúradh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre. I measc na bpríomhghníomhartha a cuireadh i gcrích gach bliain den phlean roimhe seo bhí na nithe seo a leanas:

- Grúpa Oibre ag Gníomhú le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre a bhunú le 3-4 chruinniú a reáchtáil gach bliain. Áiríodh leis seo ionadaithe ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, na Gardaí, Seirbhís Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, Bonneagar Iompair Éireann agus Feachtas Rothaíochta Bhaile Átha Cliath;
- Cuireadh Fóram Rothaíochta ar bun freisin le 4 chruinniú in aghaidh na bliana chun feasacht ar scéimeanna agus tionscnaimh rothaíochta a mhéadú. I measc na mball

reatha tá Feachtas Rothaíochta Bhaile Átha Cliath, An Garda Síochána agus Comhpháirtíocht Spóirt dlr.

- Forbairt ar bhonneagar nua agus uasghrádaithe do choisithe agus do rothaithe ar bhóithre agus i bpáirceanna ar fud an Chontae. Tá thart ar 50 scéim coisithe agus rothaíochta ag céimeanna éagsúla dá bhforbartha ar fud an Chontae faoi láthair le roinnt príomhbhealaí rothaíochta agus scéimeanna feabhsúcháin coisithe seachadta le dhá bhliain anuas.
- Traenáil rothaíochta scoile i ranganna 5^ú agus 6^ú i mBunscoileanna do 1500+ dalta gach bliain. Tacaíonn an Chomhairle le clár oiliúna rothaíochta Rothaíocht i gCeart na Roinne Iompair.
- Seirbhís maor scoile a sholáthar le breis agus 80 maor scoile, lena n-áirítear cúltaisc.
- Feachtais feasachta ar shábháilteacht ar bhóithre i gcomhar leis an AGS agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Óstáil Seónna Sábháilteachta Bóthair AXA a dhírigh ar oideachas agus feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre do dhaltaí na hidirbhliana.

2.6 Comparáid idir imbhuailtí le ceantair eile de chuid na Comhairle Cathrach agus Contae

Soláthraíonn comparáid idir ráta na n-imbhuailtí in aghaidh an daonra i measc na nÚdarás Áitiúil táscaire úsáideach ar conas atá Contae Dhún Laoighaire-Ráth an Dúin ag feidhmiú i gcomparáid le Comhairlí eile. Ag baint úsáide as sonraí daonra ó Dhaonáireamh 2016, déantar comparáid idir ráta na dtaismeach marfach leis na príomh-Chomhairlí Cathrach agus Contae Bhaile Átha Cliath, mar a léirítear i dTábla 2.6, agus léiríonn an chill scáthaithe an ráta is ísle in aghaidh an daonra 100,000 gach bliain. Léiríonn na sonraí go raibh an ráta marfach in aghaidh daonra 1,000 níos ísle ná an chuid is mó d'Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath gach bliain.

Tábla 2.6 Ráta Marfach in aghaidh daonra 100,000 2016 go 2020						
Comhairle Cathrach & Contae	2016	2017	2018	2019	2020	
Réigiún Bhaile Átha Cliath	1.6	1.8	1.0	1.4	1.5	
Dún Laoghaire	1.4	2.8	0.5	0.5	0.9	
Fine Gall	1.4	0.7	0.7	2.0	2.0	
Báile Átha Cliath Theas	1.4	2.5	1.1	1.4	1.8	
Cathair Bhaile Átha Cliath	1.8	1.6	1.4	1.4	1.3	

3. Ról an Ghrúpa Oibre agus na bPríomhpháirtithe leasmhara

3.1 Grúpa ag Gníomhú le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre

Chun líon na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú bíonn go leor comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ag obair le chéile. Sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre roimhe seo, d'aithin an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre nach mbainfí amach na spriocanna uaimhianacha um shábháilteacht ar bhóithre ach amháin trí chomhoibriú na ngníomhaireachtaí go léir a bhfuil baint acu le sábháilteacht ar bhóithre agus trí comhfhreagrachtaí na n-úsáideoirí bóthair go léir. Mar chuid den Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre 2015 go 2020, bunaíodh Grúpa Oibre ag Gníomhú le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus forbraíodh Téarmaí Tagartha don Ghrúpa Oibre ag Gníomhú le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre i 2016, an chéad cheann in Éirinn. B'iad seo a leanas príomhaidhmeanna an Ghrúpa Oibre ag Gníomhú le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre :

1. Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre.
2. Tosaíochtaí um shábháilteacht ar bhóithre a phlé agus dea-chleachtas a chur in iúl.
3. Cur le feasacht gach duine ar an nGrúpa Oibre.
4. Iarracht a dhéanamh maoiniú a lorg do thionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre.
5. Inchur a mholadh agus a sholáthar i mbeartais iompair agus sábháilteachta bóthair na Comhairle.
6. Naisc a chothú le heagraíochtaí eile a bhféadfadh ról a bheith acu maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.
7. Athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre thar na 5 bliana.

Mar chuid den Phlean nua um Shábháilteacht ar Bhóithre 2022 go 2030, iarrfar ar Chomhaltaí Tofa dul isteach sa Ghrúpa Oibre ag Gníomhú le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre.

3.2 Príomhpháirtithe leasmhara

Tugann an méid seo a leanas cur síos ar na príomhpháirtithe leasmhara ar an nGrúpa Oibre ag Gníomhú le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre a bhfuil freagrach orthu as maoirsiú a dhéanamh a chur i bhfeidhm an phlean 8 mbliana.

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (www.dlrcoco.ie)

Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin freagrach as tógáil agus cothabháil bóithre poiblí sa Chontae. Baineann é seo lena chinntiú go bhfuil sábháilteacht ar bhóithre ina phríomhcheist maidir le pleanáil, dearadh, tógáil agus cothabháil bóithre chun gréasán bóithre sábháilte agus éifeachtach a sholáthar. Tá ról ag an gComhairle freisin maidir le feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre i scoileanna agus i measc an phobail i gcoitinne maidir le feasacht a chruthú agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna sábháilteachta ar bhóithre. Tá seachadadh plean sábháilteachta ar bhóithre mar chuspóir ag Plean Corparáideach Dhún Laoighaire-Ráth an Dúin 2020 go 2024, faoi Sprioc Corparáideach 3, 'Feabhas a chur ar shaol daoine trí rochtain ar roghanna taistil inbhuanaithe ar fud ár líonra pobal'.

An Garda Síochána (www.garda.ie)

Is é misean an Gharda Síochána i dtaca lena Straitéis Chorparáideach 2019-2021 ná "Daoine a Choimeád Sábháilte". Áirítear leis seo roinnt spriocanna straitéiseacha i réimse na sábháilteachta ar bhóithre mar iarracht chun líon na ngortuithe marfacha agus tromchúiseacha a laghdú agus feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus geallann siad oibriú i gcomhpháirtíocht maidir le hoideachas agus díriú ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe chun básanna agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú. Oibríonn Dún Laoighaire-Ráth an Dúin agus An Garda Síochána go dlúth le chéile ar cheisteanna tráchta, feachtais sábháilteachta ar bhóithre agus tionscnaimh soghluaisteachta inbhuanaithe sa Chontae.

An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (www.rsa.ie)

Is é aidhm an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) daoine a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú. Tá na feidhmeanna a bhfuil an RSA freagrach astu leagtha amach sa reachtaíocht. Is é misean an RSA bóithre na hÉireann a dhéanamh níos sábháilte do chách agus baineann sé seo le roinnt príomhfheidhmeanna a sheachadadh:

- Cur chun cinn sábháilteachta ar bhóithre, oideachas agus feasacht
- Taighde um shábháilteacht ar bhóithre agus imbhuailtí
- Príomhfhreagracht mar phríomhghníomhaireacht maidir le rialachas agus cur i bhfeidhm Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Tástáil tiománaithe agus ceadúnas tiománaithe
- Rialachas agus maoirsiú na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Gluaisteán agus Tástáil um Ródachmhainneacht Feithiclí Tráchtála
- Forfheidhmiú ar réimse rialachán tionscail tarlaithe bóthair agus tiománaithe
- An tionscal teagaisc tiomána a rialáil
- Forbairt agus monatóireacht ar chaighdeán feithicle

- Comhairle a chur ar an Roinn Iompair agus ar an Aire Iompair ar gach gné de bheartas poiblí um shábháilteacht ar bhóithre

Bonneagar Iompair Éireann (www.tii.ie)

Is gníomhaireacht stáit in Éirinn é Bonneagar Iompair Éireann a dhéileáilann le bonneagar bóithre náisiúnta agus iompair phoiblí. Bunaíodh an comhlacht i 2015 tríd an iar-Údarás um Bhóithre Náisiúnta agus an Gníomhaireacht um Fháil Iarnród a chumasc. Is é an cuspóir atá leo ná bonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar, ag seachadadh caighdeán maireachtála níos fearr, ag tacú le fás eacnamaíoch agus ag meas a léiriú ar an timpeallacht.

Seirbhís Dóiteáin Bhaile Átha Cliath

Is é cuspóir na Seirbhíse Dóiteáin ná freagairt go tapa agus go héifeachtach do dhóiteáin agus d'éigeandálaí eile, lena n-áirítear teagmhais tráchta ar bhóithre, ar fud an Chontae. Is éard atá sa fhreagra seo líon réamhchinnte fearais agus trealaimh bunaithe ar nádúr, méid agus déine an teagmhais. Tá stáisiúin dóiteáin i gCill Uí Ghráinseach agus i Ráth Fearnáin.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

